An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Nóta eolais SDF 02/2026

Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta ar Bhunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)

Meitheamh 2026 Íocaíocht Deontais Caipitíochta chuig Bunscoileanna Aitheanta sa Scéim Saoroideachais

1. Réamhrá

Is é atá mar chuspóir an nóta eolais seo ná meabhrú a thabhairt do scoileanna maidir le socruithe don íocaíocht deontais caipitíochta i Meitheamh 2026. Tá eolas tábhachtach sa nóta seo faoi athrú ar ghnáthuainiú íocaíochta na bpríomhíocaíochtaí deontais caipitíochta, chun tacú le sreabhadh airgid do scoileanna.

2. Cuspóir an Deontais Caipitíochta

Tá ciste caipitíochta beartaithe chun cur le costais laethúla na scoileanna agus mar sin de ba cheart go mbeidh sé á úsáid chun costais míreanna amhail teas, solas, glantóireacht, árachas agus cothabháil ghinearálta sna scoileanna a íoc.

Féadfar an Ciste Caipitíochta a sholáthraítear le haghaidh costais reatha ghinearálta agus ciste coimhdeach a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí feighlíochta agus rúnaíochta a mheas mar dheontas coiteann ónar féidir leis an mbord bainistíochta leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin. Féach Ciorclán 0040/2009 le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá sé i gceist go bhfreastalóidh an deontas Seirbhísí Coimhdeacha ar an gcostas a bhaineann le foireann feighlíochta agus rúnaíochta a fhostú. Leagtar sonraí maidir leis an deontas seirbhísí coimhdeacha amach i gciorclán ar leith atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tá na rialacháin anois i bhfeidhm do fhostaíocht rúnaithe, mar thoradh ar an gComhaontas Fórsa/CCÁO, atá ar fáil i gCiorclán 0036/2022.

Ba cheart go mbeidh an ciste deontais á úsáid don chríoch dár tugadh an ciste i gcomhréir le RCPA Ciorclán 13/2014.

3. Socruithe don Íocaíocht i Meitheamh 2026

Go stairiúil, bhí íocaíocht chothromaíochta a bhí le híoc le scoileanna don scoilbhliain reatha, agus íocaíochtaí a léirigh méadú ar an mbuiséad don scoilbhliain amach romhainn araon san áireamh sna híocaíochtaí i mí Meithimh. Thar na mblianta, neadaíodh an ciste laistigh d'íocaíocht i Meitheamh don scoilbhliain amach romhainn sa chiste. Tá an Roinn ag tabhairt faoi dheireadh a chur leis an gcleachtas chun íocaíochtaí a dhéanamh don scoilbhliain amach romhainn, trí íocaíocht i Meán Fómhair a thabhairt isteach.

Rinneadh tráthchuid íocaíochta de dheontas caipitíochta don scoilbhliain 2025/26 i Nollaig 2025 chun tacú le sreabhadh airgid na scoileanna, agus eisíodh tráthchuid sa bhreis in Eanáir 2026.

Áiríodh an íocaíocht i Meitheamh 2026 bunaithe ar líon rollú na scoilbhliana reatha chun teidlíocht bhliantúil iomlán ar an deontas a chinneadh. Bainfear den mhéid sin ansin luach na n-íocaíochta i Nollaig 2025 agus in Eanáir 2026.

Go traidisiúnta déanfar an íocaíocht don scoilbhliain amach romhainn i Meitheamh 2026 i leith Bhuiséad 2026, ach ina ionad sin eiseofar méaduithe mar íocaíocht ar leith i Meán Fómhair 2026, agus í agus teacht leis an scoilbhliain ábhartha.

Leanfaidh an Roinn lena hiarrachtaí chun méaduithe stairiúla ar an mbuiséad a athbhunú—a íoc trí tráthchuid i Meitheamh roimhe seo—i dtreo timthriall íocaíochta i Meán Fómhair.

Cuireadh na socruithe céanna i bhfeidhm ar na rátaí feabhsuithe den dheontas caipitíochta.

4. Socruithe do 2026/27

Mar chuid de Bhuiséad 2026, déanfar na hathruithe seo a leanas ar an bpríomhdheontas caipitíochta, do scoilbhliain 2026/27:

- Méadú de €50 ar an ráta príomhshrutha, ó €224 go €274.
- Gheobhaidh scoileanna speisialta na ráta caipitíochta céanna do dhaoine óga atá 12 bhliain d'aois agus níos sine agus gcomhpháirtithe in iar-bhunscoileanna príomhshrutha.
- Gheobhaidh scoileanna speisialta le níos lú ná 60 dalta caipitíocht do 60 dalta ar a laghad.
- Méadú de €20 ar rátaí caipitíochta do bhunscoileanna DEIS Bhanda Uirbeach 1 agus do bhunscoileanna DEIS Plus go €294.

Don scoilbhliain 2026/27, beidh trí thráthchuid íocaíochta. Íocfar an chéad tráthchuid íocaíochta den chiste deontais caipitíochta do 2026/27 i mí Mheán Fómhair 2026. Is athrú é seo ar ghnáthuainiú an chéad tráthchoda, a íocfar in Eanáir de ghnáth.

- Is ionann an méid atá le híoc mar chuid den tráthchuid seo agus 4 mhí de mhéadú €50 ar an ráta, agus is ionann sin agus an difríocht idir an seanráta (€224) agus an ráta nua (€274). Is ionann é sin agus €16.67 i gcomhair an dalta.
- Do bhunscoileanna Deis Bhanda Uirbeach 1 agus Deis Plus, tá ceithre mhí de mhéadú €20 san áireamh sa tráthchuid sin, agus is ionann é sin agus €6.67 i gcomhair an dalta.
- Do scoileanna speisialta, tá ceithre mhí de ráta do dhaltaí níos sine ná 12 bhliain d'aois san áireamh sa tráthchuid sin, ag an ráta céanna lena gcomhpháirtithe in iar-bhunscoileanna príomhshrutha, agus is ionann é sin agus €44.

Íocfar an dara tráthchuid i mí Eanáir 2027. Íocfar an tríú tráthchuid (íocaíocht chothromaíochta) i Meitheamh 2027 don scoilbhliain iomlán 2026/2027. Leasófar an íocaíocht chothromaíochta sin chun cuntas a thabhairt ar an gcleachtas scortha íocaíocht a chur san áireamh don scoilbhliain amach romhainn.

Eiseofar ciorclán nuashonraithe i Meán Fómhair 2026 leis na rátaí agus na socruithe don scoilbhliain 2026/27.

5. Cursaíocht agus Ceisteanna

Cinntigh go gcuirtear an nóta eolais seo faoi bhráid an bhoird bhainistíochta agus do gach ball foirne ábhartha sa scoil.

Ba cheart aon cheist ó scoileanna maidir leis an nóta eolais seo a chur chuig Rannóg Airgeadais Rannán na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

Shirley Kearney
Príomhoifigeach
An tAonad um Bunachar Sonraí agus Airgeadais do Scoileanna

An 25 Meitheamh 2026